Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0118(CNS)**

**8993/20**
**ADD 1**

**POSEIMA 2**
**REGIO 155**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meitheamh 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 240 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Phortaingéil ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí alcóil áirithe a tháirgtear i réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 240 final - ANNEX.

Faoi iamh: COM(2020) 240 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.6.2020
COM(2020) 240 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n- údaraítear don Phortaingéil ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí alcóil áirithe a tháirgtear i réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór**

{SWD(2020) 108 final}

GA GA

## IARSCRÍBHINN

**Faisnéis atá le cur san áireamh sa tuarascáil faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 6**

1. Costais bhreise mheasta. Soláthrófar faisnéis faoi gach táirge a bhainfidh tairbhe as an ráta dleachta máil laghdaithe. Líonfaidh údaráis na Portaingéile isteach Tábla 1 leis an bhfaisnéis seo a leanas ar a laghad, i gcás ina mbeidh fáil ar an bhfaisnéis sin. Beidh an fhaisnéis a sholáthrófar sa tábla leordhóthanach lena dhearbhú an bhfuil costas breise ann, rud a chuireann le costas na dtáirgí a tháirgtear go háitiúil i gcomparáid le costais táirgí a tháirgtear in áiteanna eile.

Tábla 1.

| | MAIDÉARA (euro) | NA hASÓIR (euro) | Nótaí[2] |
|---|---|---|---|
| Praghas an chána siúcra (in aghaidh an 100 kg) | | | |
| Praghas na páiseoige (in aghaidh an 100 kg) | | | |
| Praghas na teile (in aghaidh an 100 kg) | | | |
| Praghas an alcóil (in aghaidh an hl d'fhíoralcól[3] - gan cánacha san áireamh) | | | |
| Costas an lasta (in aghaidh an kg) | | | |
| Costais eile[1] | | | |

Nótaí a ghabhann leis an Tábla:

1. Tabhair faisnéis ar chostais uisce agus fuinnimh agus ar chostais a bhaineann le dramhaíl, ar chostais i gcás ilbhunaíochtaí agus ar chostais ábhartha eile.

2. Tabhair faisnéis ar na sonraíochtaí agus ar na soiléirithe go léir atá ina mbonn agus ina dtaca ag na modhanna ríofa.

3. Heictilítir d'fhíoralcól.

2. Fóirdheontais eile. Líonfaidh údaráis na Portaingéile isteach Tábla 2 le faisnéis faoi gach réigiún agus tabharfaidh siad liosta de gach cabhair agus gach beart tacaíochta eile lena dtéitear i ngleic leis na costais oibriúcháin bhreise a bhíonn ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann le stádas réigiúin Mhaidéara agus na nAsór mar na réigiúin is forimeallaí.

Tábla 2.

| **Cabhair / beart tacaíochta[1]** | **Tréimhse[2]** | **Sprioc-earnáil[3]** | **Méid an bhuiséid in EUR[4]** | **Caiteachas bliantúil, in EUR (2019-2024)[5]** | **Sciar an bhuiséid atá inchurtha i leith cúiteamh ar chostais bhreise[6]** | **Líon measta na ngnólachtaí is tairbhithe[7]** | ***Nótaí[8]*** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

| [liostaigh] | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

Nótaí a ghabhann leis an Tábla:

(1) Sonraigh an ainmníocht agus cineál an bhirt.

(2) Tabhair faisnéis faoi na blianta a chumhdaítear leis an mbeart.

(3) Ná tabhair faisnéis ach faoi bhearta atá dírithe ar an earnáil.

(4) Tabhair faisnéis faoi bhuiséad foriomlán an bhirt agus faoi na foinsí cistiúcháin.

(5) Tabhair faisnéis faoin gcaiteachas iarbhír in aghaidh gach bliana sa tréimhse faireacháin (2019-2024), i gcás ina bhfuil fáil ar an bhfaisnéis sin.

(6) Tabhair gar-mheastachán, i % den bhuiséad foriomlán.

(7) Tabhair gar-mheastachán, i gcás inarb indéanta.

(8) Luaigh aon tuairimí agus soiléirithe.

3. Tionchar ar an mbuiséad poiblí. Líonfaidh údaráis na Portaingéile isteach Tábla 3 agus soláthróidh siad an méid iomlán measta (in EUR) den cháin nár bailíodh de thoradh na ndifreálach cánach atá curtha i bhfeidhm.

Tábla 3.

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam cánach tarscaoilte | | | | | | |

4. Tionchar ar an bhfeidhmiú eacnamaíoch foriomlán. Líonfaidh údaráis na Portaingéile isteach Tábla 4 maidir le gach réigiún agus soláthróidh siad aon sonraí lena léirítear tionchar na ndleachtanna máil laghdaithe ar fhorbairt shocheacnamaíoch na réigiún. Tagraítear leis na táscairí riachtanacha sa Tábla d'fheidhmiú na hearnála lena bhfuiltear ag tacú i gcomparáid leis an bhfeidhmiú ginearálta i ngeilleagar Mhaidéara agus i ngeilleagar na nAsór. Más rud é nach bhfuil fáil ar tháscairí áirithe, cuirfear san áireamh sonraí tuairiscithe malartacha ar an tionchar ar an bhfeidhmiú eacnamaíoch foriomlán lenar féidir anailís a dhéanamh ar an tionchar socheacnamaíoch.

Tábla 4.

| **Bliain[2]** | **2019** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | ***Nótaí[3]*** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oll-bhreisluach réigiúnach | | | | | | | |
| - *San earnáil lena bhfuiltear ag tacú[1]* | | | | | | | |
| Fostaíocht réigiúnach fhoriomlán | | | | | | | |
| - *San earnáil lena bhfuiltear ag tacú[1]* | | | | | | | |
| An líon táirgeoirí | | | | | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| gníomhacha | | | | | | | |
| - *San earnáil lena bhfuiltear ag tacú*[1] | | | | | | | |
| Innéacs praghasleibhéal – mórthír na Portaingéile | | | | | | | |
| Innéacs praghasleibhéal an réigiúin | | | | | | | |
| An líon turasóirí sa réigiún | | | | | | | |

Nótaí a ghabhann leis an Tábla:

(9) Tabhair faisnéis faoi tháirgeoirí rum, licéar, agus *eaux-de-vie*.

(10) D'fhéadfaí nach mbeadh fáil ar an bhfaisnéis i gcás gach bliana ar an liosta.

(11) Luaigh tuairimí agus soiléirithe má mheastar go bhfuil siad ábhartha.

5. <u>Sonraíochtaí an chórais</u>. Líonfaidh údaráis na Portaingéile isteach Tábla 5 maidir le gach táirge agus maidir le gach réigiún de Mhaidéara agus de na hAsóir.

Tábla 5.

| Méid (i hl d'fhíoralcól[1]) | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Táirgeadh licéar | | | | | | |
| Táirgeadh *eaux de vie* | | | | | | |
| Táirgeadh rum | | | | | | |
| Licéir a seoladh chuig mórthír na Portaingéile | | | | | | |
| Licéir a seoladh chuig Ballstáit eile | | | | | | |
| Licéir a onnmhairíodh chuig tríú tíortha | | | | | | |
| *Eaux de vie* a seoladh chuig mórthír na Portaingéile | | | | | | |
| *Eaux de vie* a seoladh chuig Ballstáit eile | | | | | | |
| *Eaux de vie* a onnmhairíodh chuig tríú tíortha | | | | | | |
| Rum a seoladh chuig mórthír na Portaingéile | | | | | | |
| Rum a seoladh chuig Ballstáit eile | | | | | | |
| Rum a onnmhairíodh chuig tríú tíortha | | | | | | |

Nótaí a ghabhann leis an Tábla:

1. Heictilítir d'fhíoralcól.

6. Neamhrialtachtaí. Soláthróidh údaráis na Portaingéile faisnéis faoi aon imscrúdú ar neamhrialtachtaí riaracháin, go háirithe faoi imghabháil cánach nó faoi smuigléireacht, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an údaraithe. Soláthróidh siad faisnéis mhionsonraithe freisin, lena n- áirítear ar a laghad faisnéis faoi chineál an cháis, faoin luach, agus faoin tréimhse ama.

7. Gearáin. Soláthróidh údaráis na Portaingéile faisnéis faoi cé acu atá nó nach bhfuil aon ghearán faighte ag na húdaráis áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm an údaraithe, ó thairbhithe nó ó dhaoine nach tairbhithe iad.